



Eleathanach 449



Dé Luain, an 13 Samhain 2023



rangoli



Díbheálaí: Féile na Soilse

Is féile é Díbheálaí agus maireann an fhéile 5 lá. Bíonn sí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna gach bliain. Baineann an dáta leis an ngealach agus athraíonn an dáta ó bhliain go bliain. I mbliana, thosaigh Díbhealaí ar an 10 Samhain, le ceiliúradh speisialta ar an 12 Samhain.

Is í an fhéile is mó san India í, ach bíonn daoine ar fud an domhain ag ceiliúradh freisin. Glaonn daoine *Féile na Soilse* ar Díbhealaí mar go mbíonn lampaí beaga ar lasadh. Cuireann daoine na lampaí ar leac na fuinneoge sa teach.

Chomh maith leis sin, cruthaíonn daoine pátrúin áille le gaineamh daite agus bláthanna. Is é an t-ainm atá ar na pátrúin seo ná *Rangoli*.

Tugann daoine bronntanais dá chéile freisin le linn Díbheálaí.

An chaora uaigneach!

Bhí caora gafa ag bun aillte in Albain le dhá bhliain anuas. Rinne daoine iarrachtaí í a tharrtháil cúpla uair, ach níor éirigh leo.

An mhí seo caite, d'éirigh le grúpa feirmeoirí í a tharrtháil. Bhí olann an-trom uirthi toisc go raibh an olann ag fás ar feadh dhá bhliain agus an chaora gafa ag bun na n-aillte.

Bhí ar na feirmeoirí an olann a lomadh. Tá siad chun an olann a dhíol chun airgead a bhailiú do charthanachtaí a chabhraíonn le hainmhithe agus le feirmeoirí.

Sa bhliain 2004, sa Nua-Shéalainn, bhí caora ann a chaith 6 bliana leis féin. Thug siad an t-ainm Shrek air. Mar sin, in Albain, roghnaigh na feirmeoirí Fiona mar ainm ar an gcaora!

Fiona agus an olann an-trom uirthi



Í tar éis do na feirmeoirí an olann a lomadh



Is féidir níos mó eolais a fháil faoi theanga chomharthaíochta *Lámh* ar an suíomh www.lamh.org

Duais faighte ag Dizzy Deliveries

Is clár teilifíse é *Dizzy Deliveries* agus is féidir breathnú air ar Sheinnteoir RTÉ. D'fhéach níos mó daoine ar an gclár seo ar Sheinnteoir RTÉ ná ar aon chlár eile.

Is é an chéad chlár teilifíse ina bhfuil an teanga chomharthaíochta *Lámh* in úsáid. Is féidir comharthaí *Lámh* a fhoghlaim ón gclár.

Déardaoín seo caite, bhuaigh an clár duais *Clio* ag ócáid i Los Angeles, sna Stáit Aontaithe. Bhí an clár in iomaíocht le cláir ar Netflix agus National Geographic. Mar sin, is onóir mhór í an duais seo a fháil.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

